Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 38

# Sláinte

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 38, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, réitigh mé an cuntas faoi iamh ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Sláinte agus maidir le seirbhísí áirithe eile a chuir an Oifig sin ar fáil, lena n-áirítear deontais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair um chaiteachas i gcomhair na bliana.

Dlitear barrachas €4.468 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas iad seo a leanas:

***Íocaíochtaí don FSS***

Cuirtear cistí ar aghaidh chuig an FSS maidir le soláthar seirbhísí ar bhonn deontais, de réir an mhaoinithe a leagtar amach sa litir chinnidh bhliantúil a eisítear chuig an FSS, ag leagan amach a leibhéal faofa maoinithe. Gearradh an tsuim iomlán a íocadh don FSS in aghaidh na bhfo-cheannteideal ábhartha. B'ionann an maoiniú deontais a íocadh leis an FSS i 2018 agus €15.72 billiún (2017: €14.60 billiún). Mínítear seo thar 17 fho-cheannteideal – gach fo-cheannteideal ó H. go L.4 seachas L.1, a bhaineann le caiteachas caipitil na ngniomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne seachas FSS. Aicmíonn cuid de na fo-cheannteidil seo caiteachas ar bhonn tíreolaíoch seachas ar bhonn cláir.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar go cuí iad, agus go ndéantar aon earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialaithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Is é an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chomhlíonann an fheidhm párolla agus an fheidhm acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18).

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Seirbhíse/an Chomhaontaithe Soláthar Feidhmíochta atá ann idir an Roinn/an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhís chomhroinnte (e.g. seirbhís acmhainní daonna) a sholáthar. Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an

Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialaithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus le haghaidh gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Is ann do Choiste Iniúchóireachta a bhfuil sé de dhualgas air comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach um nósanna imeachta riaracháin agus um thuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- córas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal
- cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ann ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

***Soláthar poiblí***

Bhí dhá chonradh de luach €106,085 san áireamh i mo thuairisceán bhliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 nár chomhlíon treoirlínte soláthair. Bhain conradh amháin do €74,322 le seirbhísí soghluaiste agus fóin áit a rabhthas ag súil leis go mbeadh comhaontú bunaithe ar thairiscint iomaíoch i bhfeidhm faoi Ráithe 2 2019, ach tá moill curtha ar an gcomórtas tairisceana seo de bharr tosaíochtaí iomaíocha mar thoradh ar an mbogadh go dtí an Plaza Miesach agus foilseofar an tairiscint nua i Meán Fómhair 2019. Bhain conradh amháin do €31,763 le seirbhísí aistriúcháin agus tá comórtas tairisceana á bheartú ag an Roinn i 2019 chun soláthraí a roghnú ón gcreat OSR.

***Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí agus go n-oibríonn an fheidhm sin de réir cairt scríofa atá faofa agam. Bíonn obair na feidhme iniúchóireachta bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a mbíonn an Roinn neamhchosanta orthu agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin freisin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialaithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta déanta le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca seo a mhaolú.

Cheadaigh an bord bainistíochta go mbunófaí fochoiste riosca i mí Feabhra 2018 agus rinneadh an beartas bainistíochta riosca a athchóiriú i mí Feabhra 2019.

Tá clár riosca ar bun a aithníonn na príomh-rioscaí atá ag an roinn agus rinneadh iad seo a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déantar an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ag an mbord bainistíochta agus a fhochoiste riosca.

Leis an gclár riosca déantar cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as feidhmiú rialaithe le baill foirne áirithe.

***Rialachas san earnáil sláinte***

Ag teacht sna sála ar fhoilsiú an leagain athbhreithnithe den Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag deireadh na bliana 2016, d’oibrigh an Roinn le linn na bliana 2018 chun treisiú leis an gcur chuige a ghlacann sí i leith rialachas a bhainistiú ar fud na hearnála sláinte. Tugtar faoi mhaoirseacht na comhlachtaí faoi choimirce ag aonaid sainithe laistigh den Roinn treoirithe ag leibhéal Príomhoifigigh le hionchur agus tacaíocht ó Aonad Rialachais na Roinne agus aonaid ábhartha eile.

Bíonn freagracht as seachadadh ar mhandáit agus feidhmeanna atá ag gach comhlacht faoi choimirce, ar an gcéad dul síos, ar a Bhord, agus ar Chathaoirleach an Bhoird.

Déantar an gaol idir an Roinn agus na comhlachtaí atá faoina choimirce a chinneadh go príomha trí

- an reachtaíocht atá mar bhonn le gach comhlacht a bhunú; agus
- na riachtanais a leagtar síos i gCód Cleachtais DPER.

Faoin gCód Cleachtais athbhreithnithe, bhí Comhaontuithe Maoirseachta agus Comhaontuithe Soláthar Feidhmíochta i bhfeidhm le formhór na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne faoi Nollaig 2018. Leis an gcur chuige sin dírítear ar aschuir agus ar thorthaí agus áirítear leis táscairí feidhmíochta a bhfuil mar aidhm leo a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil araon chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar.

Ullmhaíonn FSS plean corparáideach a chlúdaíonn tréimhse trí bliana agus faomhann an tAire Sláinte é. Ina theannta sin, gach bliain, ullmhaíonn FSS plean seirbhíse náisiúnta lena leagtar amach cineál agus méid na seirbhísí a bhfuil sé ar intinn aige a chur ar fáil don mhaoiniú atá ar fáil. Faomhann an tAire Sláinte an plean seo. Cuirtear tuarascálacha feidhmíochta isteach go míosúil ar a laghad ag FSS le linn na bliana, agus bíonn cruinnithe feidhmíochta míosúla ann idir an dá eagraíocht.

Maidir le comhlachtaí eile faoi choimirce, i gcoitinne bíonn foráil reachtaíocht sa haghaidh plean corparáide ilbhliantúil agus plean gnó bliantúil. Tugann na pleananna seo deis le straitéis chorparáideach fhoriomlán agus tosaíochtaí bliantúla, faoi seach, a fhorbairt agus a aontú leis an Roinn.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don bhord bainistíochta, más cuí, in am trátha. Dearbhaím go bhfuil príomhrioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus go bhfuil próisis

curtha ar bun le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialuithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais á threorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil ar an gcreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánacha airgeadais***

Níor sainaithníodh sa rialú inmheánach airgeadais i dtaca leis an mbliain 2018 aon laigí is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Jim Breslin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

18 Meán Fómhair 2019

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

# Vóta 38 Sláinte

## Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Sláinte agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

### *Ionaid chúraim phríomhúil a fhorbairt*

I mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2018, pléitear i gCaibidil 15 ionaid chúraim phríomhúil a fhorbairt, a gcistítear ó Vóta 38.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

20 Meán Fómhair 2019

# Vóta 38 Sláinte

## Cuntas Leithreasa 2018

| Seirbhís | | 2018 | | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | |
| A.1 | Tuarastail, pá agus liúntais | | 30,962 | 30,083 | 26,133 |
| A.2 | Taisteal agus cothabháil | | 654 | 487 | 427 |
| A.3 | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 1,150 | 1,646 | 1,046 |
| A.4 | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 730 | 418 | 353 |
| A.5 | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | 3,823 | 2,600 | 2,160 |
| A.6 | Speansais ar áitreabh oifige | | 700 | 1,472 | 440 |
| A.7 | Seirbhísí sainchomhairle agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | | 1,500 | 1,409 | 1,341 |
| **Deontais** | | | | | |
| B.1 | Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais taighde eile | | 40,000 | 38,286 | 37,093 |
| B.2 | Ciste Éirinn Shláintiúil | | 5,000 | 4,995 | 5,000 |
| B.3 | Tionscnamh drugaí | | 6,987 | 6,102 | 5,673 |
| **Seirbhísí eile** | | | | | |
| C | Speansais i dtaca leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhlachtaí idirnáisiúnta eile | | 3,100 | 2,313 | 2,324 |
| D | Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí dlí agus socruithe ilghnéitheacha | | 10,000 | 11,496 | 6,256 |
| E.1 | Comhlachtaí forbraíochta, comhairleachta maoirseachta, rialála agus comhairleacha | | 69,118 | 58,241 | 53,016 |
| E.2 | An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia | | 5,691 | 5,335 | 5,351 |
| E.3 | An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála | | 55,022 | 55,022 | 22,600 |
| E.4 | INTERREG na hÉireann/Thuaisceart Éireann | | 100 | 525 | 153 |
| F.1 | Íocaíochtaí i leith míchumais de dheasca Tailídimíde | | 745 | 457 | 381 |
| F.2 | Íocaíochtaí i leith daoine ar éiligh go ndearna vacsaíniú díobháil dóibh | | 1 | — | — |
| F.3 | Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002 | | 21,786 | 16,873 | 15,299 |
| F.4 | Íocaíochtaí le cuntas cúitimh a bunaíodh faoi alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002 | | 3,849 | 2,424 | 2,379 |

| Seirbhís | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Seirbhísí eile (ar lean)** | | | | | |
| G | Scaipeadh faisnéise, comhdhálacha agus foilseacháin maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte | | 1,513 | 1,340 | 1,162 |
| **Riaracháin chorparáidigh** | | | | | |
| H | Íocaíochtaí cnapshuime pinsin | | 96,000 | 108,676 | 108,570 |
| **Réigiúin FSS agus gníomhaireachtaí eile sláinte** | | | | | |
| I.1 | FSS - Réigiún Bhaile Átha Cliath agus Laighean Láir | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 1,583,897 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 86,272 | | | |
| | | | 1,670,169 | 1,655,738 | 1,523,537 |
| I.2 | FSS – Réigiún Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 1,416,297 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 76,818 | | | |
| | | | 1,493,115 | 1,480,201 | 1,362,203 |
| I.3 | FSS – Réigiún an Deiscirt | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 2,197,027 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 118,826 | | | |
| | | | 2,315,853 | 2,295,824 | 2,114,444 |
| I.4 | FSS – Réigiún an Iarthair | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 2,433,694 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 117,267 | | | |
| | | | 2,550,961 | 2,548,533 | 2,342,474 |
| I.5 | Deontais i leith comhlachtaí áirithe eile sláinte lena n-áirítear boird ospidéil dheonaigh agus comhbhoird ospidéil | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 2,509,282 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 129,817 | | | |
| | | | 2,639,099 | 2,728,457 | 2,532,125 |
| **Seirbhísí eile FSS** | | | | | |
| J.1 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochta cosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 7,513 | — | 2,700 |
| J.2 | Íocaíochtaí le Cuntas Speisialta – an tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006 | | 2,000 | — | — |
| J.3 | Íocaíocht le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú) 2006 - Scéim Árachais | | 1,500 | 871 | 785 |

| Seirbhís | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| J.4 | Forbairtí seirbhíse agus tionscadail nuálacha soláthar seirbhíse | | 143,539 | 72,015 | 30,010 |
| J.5 | Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 274,000 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 46,000 | | | |
| | | | 320,000 | 318,690 | 283,221 |
| J.6 | Daoine faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú ó chuntais dhíomhaoine) | | 2,700 | 2,619 | 883 |
| **An clár cúraim** | | | | | |
| K.1 | Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil agus scéimeanna arna dtreorú ag an éileamh ón bpobal | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 2,844,421 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 50,000 | | | |
| | | | 2,894,421 | 2,938,147 | 2,809,033 |
| K.2 | Cúram cónaithe fadtéarmach | | 961,602 | 967,463 | 942,522 |
| **Seirbhísí caipitil** | | | | | |
| L.1 | Deontais i leith tógáil, trealmhú (TFC san áireamh) | | 14,527 | 11,729 | 13,608 |
| L.2 | Tógáil, trealmhú agus fearastú saoráidí sláinte agus saoráidí ardoideachais | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 415,461 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 20,000 | | | |
| | | | 435,461 | 438,471 | 382,380 |
| L.3 | Tógáil, trealmhú agus fearastú saoráidí sláinte (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 2,539 | 2,539 | 2,539 |
| L.4 | Seirbhísí faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte | | 163,700 | 163,292 | 158,695 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 15,332,130 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 645,000 | | | |
| | | | **15,977,130** | **15,974,789** | **14,798,316** |
| | *Lúide* | | | | |
| M | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 460,221 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (10,000) | | | |
| | | | **450,221** | **452,348** | **459,376** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 14,871,909 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 655,000 | | | |
| | | | **15,526,909** | **15,522,441** | **14,338,940** |

**Barrachas le géilleadh**

Dlitear barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid fheidhmithe a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **4,468,158** | **2,369,157** |

**Jim Breslin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

29 Márta 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas ar riarachán | | 38,115 | 31,900 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 15,936,674 | 14,766,416 |
| **Ollchaiteachas** | | **15,974,789** | **14,798,316** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **452,348** | **459,376** |
| **Glanchaiteachas** | | **15,522,441** | **14,338,940** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (954) | | |
| Dímheas | 186 | | |
| (Brabach)/Caillteanas ar dhiúscairtí | 178 | | |
| | | (590) | (22) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (279) | | |
| Laghdú ar stoc | 33 | | |
| | | (246) | 260 |
| **Caiteachas díreach** | | **15,521,605** | **14,339,178** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 21,954 | 15,736 |
| Measchíosanna | | 2,104 | 2,004 |
| **Glanchostas clár** | | **15,545,663** | **14,356,918** |

### 1.1 Glanchaiteachas Seirbhísí Gaolmhara

Tá glanmhéid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas a iompraíodh áit eile i ndáil le Vóta 38, glan ar chostais na seirbhísí comhroinnte atá leithroinnte ar vótaí eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 233 | 231 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntas Scoir | 9,599 | 8,769 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 11,745 | 6,426 |
| Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte | 121 | 52 |
| Príomhchiste – pinsin Airí | 256 | 258 |
| | **21,954** | **15,736** |

## Nóta 2 Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | 911 | 321 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 36 | 69 |
| Réamhíocaíochtaí | | 377 | 188 |
| Ioncam fabhraithe | | 156 | 177 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 19,574 | 8,958 |
| Glanmhaoiniú Státchiste atá dlite | 2.7 | 2,147 | 3,394 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | 22,290 | 12,786 |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 637 | 748 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 509 | 1,386 |
| Rótharraingt PMG | 2.3 | 21,212 | 10,966 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | 22,358 | 13,100 |
| **Dliteanais ghlana reatha** | | (68) | (314) |
| **Glansócmhainní** | | **843** | **7** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoinithe Stáit** | 2.1 | **843** | **7** |

### 2.1 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 7 | 569 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas* | 15,526,909 | | |
| Barrachas lena ghéilleadh | Cuntas* | (4,468) | | |
| Vóta glan | | | 15,522,441 | 14,338,940 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh áit eile | 1.1 | | 21,954 | 15,736 |
| Caiteachas neamhairgid thirim – measchíos | 1 | | 2,104 | 2,004 |
| Coigeartú sócmhainní | | | — | (324) |
| Glanchostas clár | 1 | | (15,545,663) | (14,356,918) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **843** | **7** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 1,655 | 1,178 | 2,833 |
| Breiseanna | 507 | 447 | 954 |
| Diúscairtí | (1,456) | (1,178) | (2,634) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 706 | 447 | 1,153 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 1,374 | 1,138 | 2,512 |
| Dímheas don bhliain | 141 | 45 | 186 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1,318) | (1,138) | (2,456) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2018 | 197 | 45 | 242 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **509** | **402** | **911** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 281 | 40 | 321 |

## 2.3 Rótharraingt an Phámháistir Ginearálta

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG | (21,212) | (10,966) |

Is ionann an tsuim a thaispeántar agus an rótharraingt ag deireadh na bliana i gcuntas an Phámháistir Ginearálta an Vóta (a d’aistrigh go Danske Bank i 2018).

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Páipéarachas | 8 | 25 |
| Tomhaltáin TF | 28 | 44 |
| | **36** | **69** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastail in-aisghafa | 77 | 125 |
| Caiteachas taistil in-aisghafa | 5 | 12 |
| Caiteachas in-aisghafa na scéime pas taistil | 70 | 46 |
| Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C | 18,062 | 8,763 |
| Deontas FSS | 871 | — |
| Míreanna dochair eile sa chuntas fionraí | 489 | 12 |
| | **19,574** | **8,958** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | — | 504 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | — | 257 |
| Cáin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla | 71 | 31 |
| Cáin Bhreisluacha | — | 2 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | — | 3 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | — | 112 |
| | 71 | 909 |
| Míreanna sochair eile sa chuntas fionraí | 438 | 477 |
| | **509** | **1,386** |

## 2.7 Glanmhaoiniú Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas lena ngéilleadh | 4,468 | 2,369 |
| Deontas Státchiste dlithe nár tarraingíodh | (6,615) | (5,763) |
| Glanmhaoiniú Státchiste atá dlite | **(2,147)** | **(3,394)** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: míreanna fionraí | 19,574 | 8,958 |
| | 19,574 | 8,958 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (71) | (906) |
| Banc agus airgead tirim | (21,212) | (10,966) |
| Iarmhéideanna sochair: míreanna fionraí | (438) | (480) |
| | (21,721) | (12,352) |
| | **(2,147)** | **(3,394)** |

## 2.8 Ceangaltais

| Ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Ceannach earraí agus seirbhísí | 1,739 | 1,263 |
| Cláir dheontais neamhchaipitil | 8,912 | 5,664 |
| Cláir dheontais chaipitil | 28,619 | 18,835 |
| Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe le dlí | **39,270** | **25,762** |

| Cláir dheontais neamhchaipitil | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 5,664 | 5,680 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (5,640) | (5,549) |
| Ceangaltais deontais nua | 8,912 | 5,664 |
| Deontais a cuireadh ar ceal | (24) | (131) |
| **Iarmhéid deiridh** | **8,912** | **5,664** |

| Cláir dheontais chaipitil | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 18,835 | 28,789 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (10,000) | (9,954) |
| Ceangaltais deontais nua | 19,784 | — |
| Iarmhéid deiridh | **28,619** | **18,835** |

**Mórthionscadall chaipitil**

| | Caiteachas carnach go dti 31 Nollaig 2017 | Caiteachas sa bhliain 2018 | Ceangaltaid tionscadall I mblianta ina dhiaidh sin | Iomlán an chalteachais mheasta thar shaoiré an tionscadail 2018 | Ionlán an chaiteachais mheasta thar shaoiré an tionscadail 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **SaoráidíTaighde Chliniciúil an Bhoird Taighde Sláinte:** | | | | | |
| Ospidéal San Séamas agus Líonra Taighde Chliniciúil Bhaile Átha Cliath[a] | 12,069 | 442 | 435 | 12,946 | 12,946 |
| **Total** | **12,069** | **442** | **435** | **12,946** | **12,946** |

Nóta [a] Baineann an caiteachas agus na ceangaltais le tograí caipitil chun infreastruchtúr cumasaithe a fhorbairt d'fhonn tacú le tástálacha agus idirbheartaíochtaí cliniciúla a sheachadadh dá bhfuil conarthaí infheidhmithe ó thaobh an dlí de ar bun chun an t-infreastruchtúr seo a sholáthar.

## 2.9 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt éileamh lena mbaineann imeachtaí dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlithíochta.

## 2.10 Féichiúnaí FSS

| | **€000** |
|---|---|
| Dliteanas tosaigh 1 Ean 2018 | (54,036) |
| Cinneadh 2018 | (15,221,624) |
| Deontais eisithe i 2018 | 15,220,753 |
| Dliteanas deiridh 31 Noll 2018 | (54,907) |

Tharla iarmhéid €54.8 milliún ar dtús ag deireadh 2015 nuair a d'iarr FSS ar chomhlachtaí árachais a n-íocaíochtaí airgid tirim a luathú chun feabhas a chur ar shreabhadh airgid agus an t-am a laghdú idir an tseirbhís a sheachadadh agus an íocaíocht a fháil. Mar thoradh ar na híocaíochtaí breise seo leis an FSS bhí sealúchas breise airgid ag an FSS ag deireadh 2015. Tharla an t-iarmhéid toisc, de bharr na bhfáltas breise airgid seo, go raibh maoiniú Státchiste níos ísle de dhíth ar an FSS ná mar bheadh i gceist don leibhéal céanna faofa caiteachais. Tá sé ag teacht le *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* gan maoiniú breise Státchiste a sholáthar.

Ba é €54.8 milliún an difear idir leibhéal an chaiteachais, mar a cheadaigh an tAire, agus leibhéal an mhaoinithe vótáilte a fuair an FSS i 2015. Tá sé seo tugtha ar aghaidh go dtí na bianta ina dhiaidh sin. Gach bliain, glacann an Roinn leis go mbaineann an chéad €54 milliún a íoctar sa bhliain leis an bhféichiúnaí ag deireadh na bliana roimhe.

# Nóta 3 Difríochtaí Caiteachais de réir Fo-cheannteidil

Tugtar míniú thíos maidir le gach fo-cheannteideal caiteachais i gcás go raibh an toradh a bhain leo breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an soláthar meastacháin bunaidh agus go raibh sé breis is 5% níos mó nó níos lú ná an soláthar meastacháin bunaidh (25% i gcás fo-cheannteideal riaracháin). Íocadh an glanchaiteachas breise trí mheastacháin fhorlíontacha do roinnt fo-cheannteidil agus virmintí coigilteas ó roinnt fo-cheannteidil eile.

## Caiteachas Riaracháin

*A.2* *Taisteal agus cothabháil*

Soláthar meastacháin: €0.654 milliún, toradh: €0.487 milliún

Tharla tearc-chaiteachas €167,000 ar thaisteal oifigiúil i bpáirt mar thoradh ar fholúntais foirne agus moilleanna ar phearsana a earcú

*A.3* *Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha*

Soláthar meastacháin: €1.15 milliún, toradh: €1.646 milliún

Tharla an róchaiteachas de €496,000 i bpáirt mar thoradh ar chostais bhreise €235,000 a tabhaíodh sa bhogadh go foirgneamh nua lena n-áirítear glantachán agus slándáil. Bhí costais bhreise earcaíochta de €121,000 ann freisin mar gheall ar an ngá le poist shinsearacha a líonadh in earnáil na sláinte in2018. Bhí róchaiteachas €109,000 ar oiliúint agus forbairt foirne.

*A.4* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar meastacháin: €0.73 milliún, toradh: €0.418 milliún

Tháinig an tearc-chaiteachas €312,000 ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide toisc gur tabhaíodh costais a pleanáladh maidir leis an líonra fóin sna hoifigí nua faoi A.5.

*A.5* *Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF*

Soláthar meastacháin: €3.823 milliún, toradh: €2.6 milliún

Bhí an tearc-chaiteachas €1.223 milliún ar threalamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF mar thoradh ar na costais ar ailtireacht agus seirbhísí TF a bhain leis an mbogadh go hoifigí nua níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis.

*A.6* *Speansais ar áitreabh oifige*

Soláthar meastacháin: €0.7 milliún, toradh: €1.472 milliún

Tharla an róchaiteachas €772,000 ar áitreabh oifige den chuid is mó mar thoradh ar íocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí do chostas an fheistithe don áitreabh nua.

## Deontais do Ghníomhaireachtaí

*B.3* *Tionscnamh drugaí*

Soláthar meastacháin: €6.987 milliún, toradh: €6.102 milliún

Tharla an tearc-chaiteachas €885,000 den chuid ba mhó thar thoradh ar roinnt tionscnamh a chur ar athló go dtí 2019. Bhí tearc-chaiteachas ann ar thascfhórsaí áitiúla agus réigiúnacha drugaí le linn na bliana freisin (€21,000).

## Other services

*C* *Speansais i dtaca leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhlachtaí idirnáisiúnta eile*

Soláthar meastacháin: €3.1 milliún, toradh: €2.313 milliún

Tháinig an t-easnamh €787,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin as soláthar breise a bheith ann san fho-cheannteideal chun freastal ar luaineachtaí airgeadra a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le híocaíocht an tsíntiúis bhliantúil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Mar a tharla, níor tharla na luaineachtaí seo an oiread agus a raibh soláthar ann dóibh.

*D* *Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí dlí ilghnéitheacha agus socruithe dlí ilghnéitheacha*

Soláthar meastacháin: €10 milliún, toradh: €11.496 milliún

Bhí an caiteachas €1.496 milliún níos airde ná an méid a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán. De chuid ba mhó, tharla sé seo mar thoradh ar na nithe seo a leanas

- íocaíochtaí €1.033 milliún ag eascairt as fiosruithe Cervicalcheck nár rinneadh soláthar ina leith sa mheastachán bunaidh, agus
- caiteachas i dtaca le héilimh a bhí €400,000 níos airde ná mar a measadh mar thoradh ar líon beag d'éilimh mhóra a chur i gcrích le linn 2018.

*E.1* *Comhlachtaí forbraíochta, comhairleachta, maoirseachta, rialála agus comhairleacha*

Soláthar meastacháin: €69.118 milliún, toradh: €58.241 milliún

Tríd is tríd, bhí an caiteachas sa réimse seo €10.877 milliún níos ísle ná an méid a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán. Réamhíocann an roinn cistí le gníomhaireachtaí sláinte suas go leibhéal ceadaithe caiteachais nó suas go dtí an leibhéal caiteachais iarbhír, cibé acu is lú. Bhí an caiteachas iarbhír €3.122 milliún níos ísle ná an méid ar buiséadaíodh dó i roinnt gníomhaireachtaí go mór mór mar thoradh ar mhoilleanna ar fholúntais a líonadh le linn 2018. B'í an phríomhghníomhaireacht a bhí thíos leis an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte áit a raibh caiteachas iarmhír €3.069 milliún níos lú ná an soláthar mar thoradh ar líon suntasach de phoist nár líonadh san am a rabhthas ag súil leis.

Rinneadh soláthar sa mheastachán do chaiteachas €2.25 milliún chun freastal ar na costais forbraíochta aonuaire a bheadh i gceist leis an obair bhreise a dhéanfadh an Bord Altranais agus Cnáimhseachais i dtaca le cur chun feidhme iomlán Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011. Tarraingíodh €235,000 den mhaoiniú seo síos i 2018 agus cuireadh na tionscadail eile ar athló go dtí 2019 Tharraing an FSS síos €2 mhilliún, a cuireadh ar fáil ar dtús don chosc agus bainistiú ar Ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte agus frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach, don chlár seo mar léiriú ar sheachadadh trí sheirbhísí FSS thar fo-cheannteidil I.1 go I.5. Bhí €3.74 milliún a rinneadh soláthar dó do thionscadail nó cláir áirithe nár tarraingíodh síos i 2018.

*E.2* *An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia*

Soláthar meastacháin: €5.691 milliún, toradh: €5.335 milliún

Bhí easnamh €356,000 ann ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar go raibh an t-airgead sin faoi réir maoiniú meaitseála cuí a fháil ó Roinn Sláinte Thuaisceart Éireann. Ní raibh Roinn Sláinte Thuaisceart Éireann in ann an chuid deiridh den mhaoiniú meaitseála sin a dheimhniú roimh dheireadh na bliana agus, dá bharr sin, coinníodh an maoiniú a bhí fágtha siar.

*E.4* *INTERREG na hÉireann/Thuaisceart Éireann*

Soláthar meastacháin: €0.1 milliún, toradh: €0.525 milliún

Tharla méadú sa chaiteachas de €425,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc go lorgaíonn an Comhlacht Cláir Speisialta AE íocaíochtaí faoin bhfo-cheannteideal seo bunaithe ar íocaíochtaí iarbhír a roinneadh le tionscadail faoin scéim seo. Is é nádúr an chláir INTERREG nach féidir iarratais ar mhaoiniú tionscadail a thuar go háirithe má bhíonn fiosruithe le réiteach le linn an phróisis fhíoraithe.

F.1 *Íocaíochtaí i leith míchumais de dheasca tailídimíde*

Soláthar meastacháin: €0.745 milliún, toradh: €0.457 milliún

Bhí easnamh ann mar nár cuireadh an próiseas idirghabhála i gcrích go fóill agus nár íocadh na costais €288,000 a ndearnadh soláthar dóibh sa mheastachán.

*F.3* *Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002*

Soláthar meastacháin: €21.786 milliún, toradh: €16.873 milliún

Bhí an tearc-chaiteachas sa chaiteachas €4.913 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ann mar thoradh ar laghdú ar líon na ndámhachtainí a rinne an Binse i 2018. Níl an Roinn ábalta tuar cruinn a thabhairt faoi líon nó luach na ndámhachtainí a dhéanfaidh an Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus HIV atá neamhspleách ar an Roinn.

*F.4* *Íocaíochtaí le cuntas cúitimh speisialta a bunaíodh faoi alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002*

Soláthar meastacháin: €3.849 milliún, toradh: €2.424 milliún

Foráiltear le halt 11 den Acht do mhéideanna in ionad a íoc le héilitheoirí a ghlac le dámhachtain ón mBinse nó le tairiscint socraíochta. Mar atá leagtha amach in F.3, bhí luach na dámhachtainí a rinne an Binse sa bhliain 2018 níos ísle ná an méid ar buiséadaíodh dó agus, dá bharr sin, bhí na híocaíochtaí ón gciste cúitimh níos ísle ná an méid ar buiséadaíodh dó.

*G.* *Scaipeadh faisnéise, comhdhálacha agus foilseachán maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte*

Soláthar meastacháin: €1.513 milliún, toradh: €1.34 milliún

Bhí tearc-chaiteachas €173,000 ann ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar nár críochnaíodh roinnt tionscadal a le cur chun cinn agus cosaint na sláinte sa bhliain 2018.

## Caiteachas Riaracháin Chorparáidigh (FSS)

*H* *Íocaíochtaí cnapshuime pinsin*

Soláthar meastacháin: €96 milliún, toradh: €108.676 milliún

Bhí méadú €12.676 milliún ann ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar go mbíonn sé deacair scála na gcnapshuimeanna pinsin agus líon na ndaoine a rachaidh ar scor a thuar go cinnte.

## Réigiúin FSS agus Gníomhaireachtaí Sláinte Eile

*I.5* *Deontais i leith comhlachtaí áirithe eile sláinte lena n-áirítear boird ospidéil dheonaigh agus comhbhoird ospidéil*

Soláthar meastacháin: €2,509.282 milliún, toradh: €2,728.457 milliún

Tharla an méadú €219.175 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar thoradh ar roinnt toscaí lena n-áirítear leibhéal níos airde d'éileamh ar sheirbhísí ná mar a bhí pleanáilte ar dtús, bearta chun tacú le Plean an Gheimhridh, easnamh san ioncam ó othair a rabhthas ag súil leis agus coigiltis áirithe a pleanáladh nár baineadh amach. Glanadh an róchaiteachas trí €129.817 milliún de mheastachán forlíontach agus vírmint de €89.358 milliún.

## Seirbhísí Eile FSS

*J.1* *Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochta cosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)*

Soláthar meastacháin: €7.513 milliún, toradh: €Nialas milliún

Tharla an t-easnamh €7.513 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar thoradh ar dheontais de luach €4.294 milliún faoin scéim seo nár tarraingíodh síos faoi fho-cheannteidil FSS eile. Tharla an €3.219 milliún eile mar thoradh ar dheontais nár íocadh toisc nár comhlíonadh coinníollacha na ndeontas. Tarlaíonn moilleanna mar thoradh ar eolas atá ar iarraidh amhail teastais glanta cánach agus luachana.

*J.2* *Íocaíochtaí le Cuntas Speisialta – an tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006*

Soláthar meastacháin: €2 milliún, toradh: €Nialas milliún

Tharla an t-easnamh €2 mhilliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar thoradh ar nádúr na n-íocaíochtaí faoin bhfo-cheannteideal seo toisc go mbíonn sé deacair a thuar cathain a dhéanfar iarratais ar mhaoiniú a thuar, go háirithe má tá fiosruithe le réiteach sa phróiseas fíorúcháin, agus mar sin féadfaidh amú na n-íocaíochtaí bheith faoi réir ag athrú. De bharr nádúr reachtúil an Scéime, ní mór don Stát na dliteanais a éiríonn faoin Scéim a ghlanadh agus mar sin tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfanfaidh maoiniú don Scéim san Fho-cheannteideal ábhartha chun dliteanais dheiridh a íoc.

*J.3* *Íocaíocht le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú) 2006 - Scéim Árachais*

Soláthar meastacháin: €1.5 milliún, toradh: €0.871 milliún

Bhí easnamh €629,000 ann ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gur próiseas garbhreithiúnach é seo a bhíonn bunaithe ar na héilimh a chuirtear isteach agus mar go mbíonn éagsúlacht shuntasach ann ó bhliain go bliain sna héilimh agus sna dámhachtainí a dhéantar.

*J.4* *Forbairtí seirbhíse agus tionscadail nuálacha soláthar seirbhíse*

Soláthar meastacháin: €143.539 milliún, toradh: €72.015 milliún

Bhí an bunmheastachán €143.539 milliún don fheabhsú ar sheirbhísí agus áiseanna i 2018.

- Tarraingíodh €72.015 milliún síos trí fho-cheannteideal J.4 i dtaca le seirbhísí nua laistigh den chóras
- Tarraingíodh €71.524 milliún síos ar fud na réigiún FSS agus soláthraithe deonacha uile (I.1 go I.5) i dtaca le hacmhainneacht bhreise a sholáthar laistigh de sheirbhísí ann cheana chun feabhas a chur ar rochtain an phobail, lena n-áirítear feabhsúcháin ar liostaí feithimh agus pleanáil an gheimhridh.

*J.5* *Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát*

Soláthar meastacháin: €274 milliún, toradh: €318.69 milliún

Ba é €274 milliún an soláthar a rinneadh do na híocaíochtaí a dhéanfaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát sa bhliain 2018. Tháinig an difríocht as cineál scéim na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát, áit a mbíonn sé deacair íocaíochtaí móra aonair a thuar.

## Seirbhísí Caipitil

*L.1* *Deontais i leith tógáil, trealmhú (TFC san áireamh)*

Soláthar meastacháin: €14.527 milliún, toradh: €11.729 milliún

Tharla an t-easnamh €2.798 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin den chuid ba mhó toisc gur cuireadh líon beag de thionscadail chaipitil TFC do ghníomhaireachtaí a mhaoinítear go díreach ar athló go dtí 2019.

L.2 *Tógáil, trealmhú agus fearastú saoráidí sláinte agus saoráidí ardoideachais*

Soláthar meastacháin: €415.461 milliún, toradh: €438.471 milliún

Ba é €23.01 milliún an méadú sa chaiteachas i 2018. Le linn 2018, d’oibrigh an Roinn Sláinte leis an FSS chun cothromaíocht a fháil idir ceangaltais conartha a chomhlíonadh, tograí a sheachadadh agus rioscaí a bhain le feistiú agus infreastruchtúr a bhainistiú. D’fhonn cuidiú leis seo, aontaíodh meastachán forlíontach €20 milliún agus rinneadh virmint €3.01 milliún freisin.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Aisghabháil costas seirbhísí sláinte a soláthraíodh faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 280,000 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (10,000) | | | |
| | | | 270,000 | 270,000 | 277,655 |
| 2 | Fáltais ó dhleachtanna áirithe máil ar tháirgí tobac | | 167,605 | 167,605 | 167,605 |
| 3 | Aisghabháil chostais áirithe Scéim na Seirbhísí Oftalmacha ón gCiste Árachais Shóisialta | | 3,000 | 2,214 | 2,690 |
| 4 | Aisghabháil chostais áirithe Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta ón gCiste Árachais Shóisialta | | 3,000 | 4,372 | 5,814 |
| 5 | Fáltais ilghnéitheacha | | 1 | 284 | 105 |
| 6 | Cuntais dhíomhaoine | | 2,700 | 2,619 | 883 |
| 7 | Fáltais ón asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí | | 3,915 | 5,254 | 4,624 |
| | **Iomlán** | | **450,221** | **452,348** | **459,376** |

**Difríochtaí suntasacha**

San iomlán, bhí na leithreasaí i gcabhair € 2.127 milliún níos mó ná an meastachán. Tá míniúcháin ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

*3 Aisghabháil chostais áirithe Scéim na Seirbhísí Oftalmacha ón gCiste Árachais Shóisialaigh*

Soláthar meastacháin: €3 milliún, toradh: €2.214 milliún

Tháinig an t-easnamh €786,000 as an deacracht a bhíonn ag baint le héilimh faoi scéim na seirbhísí oftalmacha a thuar. Bíonn aga moille ann ar fhaisnéis a bheith ar fáil faoin leibhéal éileamh a bhíonn ag teacht chun cinn.

*4 Aisghabháil chostais áirithe Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta ón gCiste Árachais Shóisialaigh*

Soláthar meastacháin: €3 milliún, toradh: €4.372 milliún

Tháinig an t-easnamh €1.372 milliún as an deacracht a bhíonn ag baint le héilimh faoi scéim na seirbhísí cóireála fiaclóireachta a thuar. Bíonn aga moille ann ar fhaisnéis a bheith ar fáil faoin leibhéal éileamh a bhíonn ag teacht chun cinn.

5 *Fáltais ilghnéitheacha*

Soláthar meastacháin: €1,000, toradh: €284,000

Tháinig an méadú €283,000 as an deacracht a bhíonn ag baint leis na méideanna a bhíonn dlite in aon bhliain a thuar. Cuirtear méid ainmniúil €1,000 ar áireamh sa mheastachán. I measc na bhfáltas a bhí ann sa bhliain 2018 bhí fáltais i leith táillí ceadúnais faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí agus táillí Saorála Faisnéise agus fáltais INTERREG.

7 *Fáltais ón asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí*

Soláthar meastacháin: €3.915 milliún, toradh: €5.254 milliún

Bhí méadú €1.339 milliún ann mar gheall ar an deacracht a bhíonn ag an Roinn an asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí a mheas do ghníomhaireachtaí sláinte faoina chúram (seachas an FSS). Bíonn an figiúr ag brath ar an líon fostaithe atá ann san earnáil phoiblí agus ar an bpá atá dlite do na fostaithe sin ó na gníomhaireachtaí. Is féidir éagsúlachtaí a bheith sa dá thoisc sin.

## 4.2 Fáltais bhreise iníochta leis an Státchiste

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 16 | — |
| Méid a bailíodh | 33 | 16 |
| Méid a aistríodh chuig an Státchiste | (49) | — |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | **—** | **16** |

## Nóta 5 Líon Fostaithe agus Pá

Is le baill foirne na Roinne Sláinte amháin a bhaineann na sonraí pá agus liúntais agus na sonraí eile luach saothair atá tugtha i Nóta 5. Tá faisnéis mhionsonraithe faoi phá i dtaca le gníomhaireachtaí ar fáil sna tuarascálacha bliantúla iomchuí nó ó go díreach ó na gníomhaireachtaí féin freisin. Iarradh ar na gníomhaireachtaí an fhaisnéis sin a thabhairt ar a suíomhanna gréasáin.

### 5.1 Líon na bhFostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

| ar 31 Nollaig | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| Roinn | 475 | 429 |
| Daoine atá fostaithe go díreach ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 76,370 | 74,109 |
| Fostaithe de chuid seirbhísí deonacha géarchúraim agus seirbhísí deonacha eile (Alt 38) | 41,486 | 40,187 |
| Gníomhaireachtaí eile [a] | 1,655 | 1,592 |
| **Iomlán** | **119,986** | **116,317** |

Nóta [a] Áirítear le ‘gníomhaireachtaí eile’ gach gníomhaireacht seachas FSS a bhíonn ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne, lena n-áirítear iad siúd nach bhfaigheann maoiniú díreach ón Státchiste.

### 5.2 Pá na Roinne

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 27,939 | 24,366 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 185 | 199 |
| Liúntais eile | 1 | 1 |
| Ragobair | 128 | 102 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,830 | 1,465 |
| **Pá Iomlán [a]** | **30,083** | **26,133** |

Nóta [a] Tá an figiúr pá iomlán i bhfo-cheannteideal A.1

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - Roinn

| | **Líon faighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair ab’ airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2018** | **2017** |
| | | | **€** | **€** |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 20 | 9 | 28,969 | 20,584 |
| Liúntais eile | 11 | — | 225 | 338 |
| Ragobair | 48 | 3 | 18,839 | 14,560 |
| Tuarastal breise i níos mó ná catagóir amháin | 5 | 3 | 22,856 | 20,723 |

## 5.4 Ró-Íocaíochtaí Párolla

Ag deireadh na bliana bhí ró-íocaíochtaí €34,959 i dtaca le 24 duine (2017: €38,976; 23 duine). De seo, tá pleananna aisghabhála ann do €8,650 i dtaca le 4 dhuine (2017: €13,052; 5 dhuine).

Aistríodh trí phlean aisghabhála ró-íocaíochta i dtaca le 3 dhuine, de luach €4,392, chuig 2 Roinn/Oifig le linn na bliana.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an Cheapacháin | Caiteachas Carnach go dtí 31 Nollaig 2018 | Caiteachas i 2018 | Caiteachas i 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin [a] | 2017 | 2,091 | 1,569 | 522 |
| Fiosrúcháin ar an gClár Scagthástála CervicalCheck [b] | 2018 | 1,033 | 1,033 | — |
| **Iomlán** | | **3,124** | **2,602** | **522** |

Nótaí [a] Le hAlt 3 den Acht um Choimisiúin Fiosrúcháin 2004 bhí foráil le coimisiún a bhunú chun imscrúdú a dhéanamh faoi na cúrsaí a sonraíodh in Alt 3(a) den Acht agus aon tuairiscí atá de dhíth faoin Acht sin a dhéanamh maidir lena imscrúdú. I Márta na bliana 2017, glacadh cinneadh coimisiún fiosrúcháin a bhunú ar nithe áirithe i dtaobh seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara. Gearrtar caiteachas an Choimisiúin le Fo-cheannteideal D — Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí dlí agus socruithe ilghnéitheacha.

[b] Lena n-áirítear an fiosrúchán scóipe (tuairisc Scally) agus an tástáil leanúnach á dhéanamh ag Coláiste Ríoga na gCnáimhseoirí agus na nGínéiceolaithe (*Royal College of Obstetricians and Gynaecologists*) sa Ríocht Aontaithe.

## 6.2 Cúiteamh agus costais dlí

| | Líon na gcásan na | Cúiteamh a dámhadh | Costais dlí a dámhadh | Costas dlí a d'íoc an Roinn/an Oifig | 2018 Iomlán | 2017 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó bhaill den phobal** | | | | | | |
| Dámhachtainí agus socraíochtaí éilimh | 46 | 3,698 | 1,817 | 627 | 6,142 | 5,699 |
| **Iomlán** | | **3,698** | **1,817** | **627** | **6,142** | **5,699** |

## 6.3 An tsainscéim infheistíochta obstatraice

Sa bhliain 2008, bhunaigh an tAire Sláinte Sainscéim Slánaíochta Obstatraice. Faoin scéim, thoiligh an tAire Ospidéal Bon Secours (Corcaigh) agus Ospidéal Chnoc Chairméal a shlánú maidir le héilimh shonraithe chnáimhseacha. Bunaíodh Ciste le ranníocaíochtaí ón dá ospidéal, ón gCumann um Chosaint Leighis agus ón Roinn Sláinte. Íoctar éilimh ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát de réir mar a eascraíonn siad. Tugann an tAire Sláinte údarás don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát airgead a tharraingt anuas ón gCiste chun freastal ar chostas na n-éileamh sin. Ag 31 Nollaig 2018, b'ionann an t-iarmhéid ar an gciste agus €4.62 milliún (2017: €4.649 milliún). Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a bhainistíonn an Ciste agus léirítear an t-ioncam agus an caiteachas gaolmhar i ráitis airgeadais bhliantúla na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát.

## 6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | Meastachán 2018 | Toradh 2018 | Toradh 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Fo-cheannteideal** | | | |
| J.1 Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí cosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 7,513 | — | 2,700 |
| L.3 Tógáil, trealmhú agus fearastú saoráidí sláinte (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 2,539 | 2,539 | 2,539 |
| | **10,052** | **2,539** | **5,239** |

## 6.5 Maoiniú AE

Déanann an AE comhoiniú ar chaiteachas faoi fho-cheannteideal E.4.

## 6.6 Ús ar íocaíochtaí déanacha agus íocaíochtaí cúitimh

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis a íocadh | 5 | 4 |

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Sláinte

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair ina leith. Léirítear ann, ag deireadh Márta 2019, cén tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus cén uair a leagadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ciste roinne | An tréimhse chuntas-aíochta is déanaí | Dáta na tuarascála iniúchóra | An dáta a fuair an tAire/an Roinn na ráitis airgeadais | An dáta a cuireadh na ráitis airgeadais faoi bhráid an Oireachtais [a] |
|---|---|---|---|---|
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 2017 | 21 Bealtaine 2018 | 24 Bealtaine 2018 | 12 Meitheamh 2018 |
| Ospidéal Beaumont | 2017 | 11 Deireadh Fómhair 2018 | 12 Samhain 2018 | 8 Eanáir 2019 |
| Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath | 2017 | 5 Nollaig 2018 | 19 Nollaig 2018 | 28 Nollaig 2018 |
| Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar | 2017 | 24 Nollaig 2018 | 10 Eanáir 2019 | 10 Eanáir 2019 |
| Ospidéal San Séamas | 2017 | 23 Samhain 2018 | 29 Samhain 2018 | 29 Samhain 2018 |
| Bord Forbartha an Ospidéil Náisiúnta Phéidiatraigh | 2017 | 17 Lúnasa 2018 | 24 Lúnasa 2018 | 25 Meán Fómhair 2018 |
| An Chomhairle Náisiúnta Haemaifilia | 2017 | 18 Nollaig 2018 | 10 Eanáir 2019 | 11 Eanáir 2019 |
| An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia | 2017 | 18 Nollaig 2018 | 22 Feabhra 2019 | 22 Feabhra 2019 |
| Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | 2017 | 19 Iúil 2018 | 12 Lúnasa 2018 | 17 Meán Fómhair 2018 |
| An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte | 2017 | 1 Bealtaine 2018 | 15 Bealtaine 2018 | 5 Meitheamh 2018 |
| An Bord Taighde Sláinte | 2017 | 18 Nollaig 2018 | 11 Eanáir 2019 | 24 Eanáir 2019 |
| An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU) | 2017 | 18 Nollaig 2018 | 20 Nollaig 2018 | 9 Eanáir 2019 |
| Bord Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann | 2017 | 21 Meitheamh 2018 | 29 Meitheamh 2018 | 2 Iúil 2018 |
| An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte | 2017 | 29 Meitheamh 2018 | 29 Meitheamh 2018 | 12 Iúil 2018 |

| **Comhlacht/ciste roinne** | **An tréimhse chuntas-aíochta is déanaí** | **Dáta na tuarascála iniúchóra** | **An dáta a fuair an tAire/an Roinn na ráitis airgeadais** | **An dáta a cuireadh na ráitis airgeadais faoi bhráid an Oireachtais [a]** |
|---|---|---|---|---|
| An Coimisiún Meabhair-Shláinte | 2017 | 19 Nollaig 2018 | 27 Nollaig 2018 | 16 Eanáir 2019 |
| An Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse | 2017 | 29 Meitheamh 2018 | 4 Iúil 2018 | 26 Iúil 2018 |
| An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála | 2017 | 24 Nollaig 2018 | 22 Eanáir 2019 | 20 Márta 2019 |
| An Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil | 2017 | 24 Nollaig 2018 | 5 Márta 2019 | 15 Márta 2019 |
| An tÚdarás Árachas Sláinte | 2017 | 15 Meitheamh 2018 | 29 Meitheamh 2018 | 30 Iúil 2018 |
| An Ciste um Chothromú Riosca | 2017 | 15 Meitheamh 2018 | 29 Meitheamh 2018 | 30 Iúil 2018 |
| An Bord Altranais agus Cnáimhseachais | 2017 | 21 Nollaig 2018 | 15 Feabhra 2019 | 22 Márta 2019 |
| Comhairle na nDochtúirí Leighis | 2017 | 24 Bealtaine 2018 | 25 Meitheamh 2018 | 26 Meitheamh 2018 |
| Cumann Cógaiseoirí na hÉireann [b] | 2017 | 22 Márta 2018 | 12 Aibreán 2018 | 14 Bealtaine 2018 |
| An Chomhairle Fiaclóireachta [b] | 2017 | 7 Feabhra 2018 | 18 Deireadh Fómhair 2018 | 19 Deireadh Fómhair 2018 |
| Cuntais Chomhdhlúite Mhaoine Príobháidí Othar | 2017 | 19 Nollaig 2018 | 27 Nollaig 2018 | 13 Márta 2019 |
| An Scéim Aisíocaíochtaí Sláinte (Ciste Síntiús) | 2017 | 21 Nollaig 2018 | 27 Nollaig 2018 | 8 Márta 2019 |
| Cuntas Speisialta don Scéim Aisíocaíochtaí Sláinte | 2017 | 21 Nollaig 2018 | 27 Nollaig 2018 | 8 Márta 2019 |
| Scéim Árachais Heipitíteas C | 2017 | 20 Nollaig 2018 | 4 Eanáir 2019 | 4 Eanáir 2019 |

Nótaí
[a] Leagtar na cuntais bhliantúla iniúchta faoi bhráid Thithe an Oireachtais i gcomhréir leis an reachtaíocht faoinar bunaíodh iad.
[b] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar ráitis airgeadais na gcomhlachtaí Stáit thuas.

An Chomhairle Fiaclóireachta